# Ráiteas Straitéise de chuid Teagaisc

## 2012 – 2015

2012 2015






Ag Tacú le Nuálaíocht Eolaíochtbhunaithe i dTalmhaíocht agus i mBia

Teagasc
An tÚdarás Forbartha Talmhaíochta agus Bia



# Ábhar

Réamhrá 3

Cuid 1 4
Sainordú, Bunchuspóir agus Fís

Cuid 2 7
Anailís Chomhshaoil

Cuid 3 12
Saincheisteanna Straitéiseacha a thagann chun cinn agus Nuathreoracha Straitéiseacha

Cuid 4 14
Spriocanna, Cuspóirí agus Gníomhaíochtaí Straitéiseacha

Cuid 5 18
Cur i bhFeidhm na Straitéise

teagasc
AN tÚDARÁS FORBARTHA TALMHAÍOCHTA AGUS BIA

**Ag Tacú le Nuálaíocht Eolaíochtbhunaithe i dTalmhaíocht agus i mBia**



# Réamhrá





Is mian linn an cúigiú Ráiteas Straitéise de chuid Teagaisc a chur ar fáil, a léiríonn na spriocanna, na tosaíochtaí agus na gníomhaíochtaí straitéiseacha ardleibhéil atá againn don tréimhse 2012-2015. Cuireadh an Ráiteas le chéile i gcomhairle leis an bhfoireann agus le páirtithe leasmhara seachtracha agus léiríonn sé ár gcuid tuairimí maidir leis na deiseanna agus leis na dúshláin atá os comhair na heagraíochta agus an earnáil talmhaíochta/bia i rith na trí bliana amach romhainn.

I rith na tréimhse straitéise is deireanaí, chuir Teagasc tús le clár eagraíochtúil mórathraithe lenar bhain diúscairt sócmhainní, laghdú i líon na suíomhanna comhairleacha, taighde agus oideachais, gearradh siar ar phoist bhainistíochta agus riaracháin, laghdú i líon na mbaill foirne agus coinneáil agus ath-imlonnú foirnne atá ann cheana. Is mar gheall ar chur i bhfeidhm an chláir go bhfuil struchtúr laghdaithe ardbhainistíochta agus struchtúr nua cláir ann bunaithe ar cheithre chlár chomhtháite i bhfeidhm.

Ciallaíonn na gníomhaíochtaí seo gur eagraíocht níos lú, níos dírithe agus níos éifeachtúla í Teagasc anois atá in ann níos mó feidhme a bhaint as a láidreachtaí eagraíochtúla leithleacha le comtháthú a himeachtaí comhairleacha, oideachais agus taighde a uasmhéadú agus le tacú a thabhairt, i ndeireadh na dála, do nuálaíocht eolaíochtbhunaithe san earnáil talmhaíochta agus i mbithgheilleagar níos leithne a chuirfidh taca faoi bhrabúsacht, faoi iomaíochas agus faoi inbhuanaitheacht.

Aithnímid nach mór leis an athrúphróiseas seo leanúint ar aghaidh ar aon dul le Plean Leasaithe na hEarnála Poiblí agus gur gá le Teagasc spriocanna maidir le laghduithe san fhostaíocht mar a leagtar amach ina Creat Rialaithe Fostaíochta (CRF) a bhaint amach.

Caithfear leanúint ar aghaidh leis na hathruithe seo nuair atá éileamh níos mó ar ár gcuid seirbhísí de réir mar a thagann fadhbanna móra maidir le fás agus le forbairt aníos san earnáil talmhaíochta/bia le linn dúinn dúshláin chasta inbhuanaitheachta a láimhseáil. Tá scileanna agus eolas mar aon leis an teicneolaíocht ag teastáil le bia a tháirgeadh sa chomhthéacs nua seo – ní amháin na scileanna traidisiúnta a bhfuil baint acu le táirgeadh barraí agus beostoic, ach an tsainoilteacht theicniúil agus eacnamaíoch atá ag teastáil, de réir dealraimh, chun leas a bhaint as dul chun cinn na heolaíochta agus le hoibriú laistigh den bhiachóras nua-aimseartha. Ina theannta sin, tá dúshláin ar leith ag baint leis an mbéim nua ar inbhuanaitheacht: ní amháin faoin dóigh le bia a thairgeadh ach faoin dóigh chun é a tháirgeadh le go gcomhlíonfar spriocanna eile – caomhnú uisce, laghdú in astuithe gás ceaptha teasa agus caomhnú na bithéagsúlachta mar shampla.

Tá rún daingean ag Teagasc ról-lárnach a ghlacadh le cinntiú go mbainfear amach na spriocanna uaillmhinacha a aithnítear don earnáil i *bh**Fómhar Bia 2020.*** Aithnímid go dúshláin os ár gcomhair, ach tá an eagraíocht tiomanta de na hathruithe atá ag teastáil a dhéanamh le cinntiú gur féidir léi tacú ardchaighdeánach a sholáthar, in ainneoin níos lú acmhainní, agus obair a dhéanamh in éineacht lena Máthair-Roinn, le gníomhaíochtaí eile stáit, lenár bpáirtithe tríú leibhéal agus leis an earnáil phríobháideach le cinntiú go mbaineann talmhaíocht Éireann an tairbhe is mó a bhaint as an timpeallacht fhabhrach sheachtrach atá ann faoi láthair.

**Dr Noel Cawley**
**Cathaoirleach**

**Professor Gerry Boyle**
**Stiúrthóir**

# Cuid 1

## Sainordú, Bunchuspóir agus Fís

Tá an Ráiteas Straitéise seo forbartha i gcomhthéacs anailíse de chinn tiomána náisiúnta, idirnáisiúnta agus eagraíochtúla a rachaidh i bhfeidhm ar earnáil talmhaíochta/bia na hÉireann agus ar Theagasc i rith thréimhse na straitéise atá le teacht (Cuid 2). Tiocfaidh roinnt saincheisteanna móra straitéiseacha agus nuathreoracha straitéiseacha as an anailís seo (Cuid 3) ar a bhfuil forbairt ár spriocanna, ár gcuspóirí agus ár ngníomhaíochtaí straitéiseacha bunaithe (Cuid 4). Pléimid saincheisteanna feidhmithe, struchtúr eagraíochtúil, acmhainní agus ordghrúpaí, i gCuid 5.

**Sainordú**
Bunaíodh Teagasc faoi Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle) 1988, a léiríonn gurb iad a leanas a chuid príomhfheidhmeanna:

- le foráil seirbhísí oideachais, oiliúna agus comhairleacha san earnáil talmhaíochta a sholáthar nó a thabhairt chun críche, a chlúdaíonn na seirbhísí oideachais, oiliúna agus comhairleacha sin a shonraíonn an tAire ar mhaithe le héifeacht a thabhairt d'aon treoir, d'aon rialúchán nó d'aon acht eile a nglacann insititiúid na gComhphobal Eorpach leis.
- le heolas eolaíoch agus praiticiúil a fháil agus a chur ar fáil don earnáil talmhaíochta de réir na riachtanais talmhaíochta ar gá leo.
- le taighde agus forbairt talmhaíochta a dhéanamh, a chur chun cinn, a spreagadh, a chabhrú, a chomhoibriú, a éascú agus a athbhreithniú (taighde agus forbairt maidir le próiseáil bia agus le tionscal na próiseála bia san áireamh).

Is mar gheall ar an sainordú seo go bhfuil sé de dhualgas ar Theagasc freastal ar na riachtanais eolais agus teicneolaíochta den bhiashlabhra ina iomláine agus go bhfuil an t-údarás ann seirbhísí oideachais, oiliúna agus comhairleacha a chomhtháthú leis an tacú cuí nuálaíochta a chur ar fáil le hearnáil talmhaíochta/bia na hÉireann a dhéanamh níos luachmhaire.

**Bunchuspóir**
*Le tacú a thabhairt do nuálaíocht eolaíochtbhunaithe san earnáil talmhaíochta/bia agus i mbithgheilleagar níos leithne sa dóigh go guirfidh taca faoi bhrabúsacht, faoi iomaíochas agus faoi inbhuanaitheacht.*

**Fís**
*Is mian le Teagasc aitheantas náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhaint amach mar phríomhsholáthraí eolais d'earnáil agraibhia na hÉireann.*

**Ráiteas faoi Fhiúntais**
*Tá sé mar aidhm againn le bheith proifisiúnta, freagrach, éifeachtúil agus neamhspleách le linn dúinn iarracht a dhéanamh ardchaighdeán eolaíoch feabhais a bhaint amach i ngach gníomhaíocht agus obair a dhéanamhi gcomhpháirtíocht lenár n-eagraíochtaí eile chun freastal ar riachtanais ár bpáirtithe leasmhara.*

**Taighde, Aistriú an Eolais agus Gníomhaíochtaí le haghaidh Ionsú an Eolais**
Is í Teagasc an phríomheagraíocht san earnáil phoiblí maidir le taighde talmhaíochta agus bhia in Éirinn, a mbíonn gníomhaíochtaí nuálaíochta, ó thaobh taighde, scaipeadh eolais agus oideachas de, ar siúl aici ina gclúdaíonn na hábhair leathan théamacha a leanas:

- Ainmhithe agus Féarach
- Barra, Timpeallacht agus Úsáid Talaimh
- Bia
- Geilleagar Tuaithe agus Forbairt.

*Taighde*
Tá 300 tionscadail taighde inár bpunann bhliantúil á ndéanamh ag 500 ball eolaíoch agus teicniúil san fhoireann inár n-ionaid taighde ar fud na hÉireann. Comhoibrímid go mór lenár gcomhghleacaithe in ollscoileanna na hÉireann. Cuireann ár gclár ánrachta iarchéime, a chabhraíonn le níos mó ná 100 mac léinn MSc agus PhD gach bliain, leis an gcomhoibriú seo. Glacaimid páirt mhór i gCreatchláir an Aontais Eorpaigh agus tá comhaontuithe déthaobhacha forbartha againn le heagraíochtaí taighde san Eoraip, sna Stáit Aontaithe agus sa Nua-Shéalainn.

Is é an dúshlán a bhaineann leis an taighde againn ná ceannasaíocht a sholáthar san earnáil agraibhia agus i bpobail tuaithe trí eolas nua agus nuálaíocht a chruthú le taca a chur faoi faoi iomaíochas agus faoi inbhuanaitheacht. Cinntímid go mbíonn príomhaird ár dtaighde dírithe ar sheachadadh gasta torthaí a bhféadfadh tionchar sóisialta agus eacnamaíoch a bheith aige. Le linn dúinn ár gcumas láidir i dtaighde feidhmeach a choinneáil, tá príomhréimsí den taighde bunúsach neartaithe againn, go háirithe trí aird nua a dhíriú agus trí infheistiú suntasach sna heolaíochtaí bitheacha. Cinnteoidh sé seo go mbeidh taighde agraibhia go hiomlán iomaíoch sa Chlár um Eolaíocht náisiúnta, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht (ETN) agus sa Limistéar Eorpach Taighde. Cuireann léargais ón gcumas nua seo sna heolaíochta bitheacha le láidreachtaí traidisiúnta na heagraíochta i dtaighde feidhmeach talmhaíochta agus bia agus cabhraíonn sé le scóip agus le tionchar na ngníomhaíochtaí ar atá ar siúl a leathnú.

Tá príomhaird den Chlár Bia dírithe ar fhorbairt oilteachta agus eolais i dteicneolaíochtaí géineasacha atá ag teastáil a chabhraíonn le tionscal an bhia in Éirinn chun ardchaighdeán agus sábháilteacht faoi ráthaithe a bhaint amach, mar aon le nuálaíochtaí táirgí agus próisis. Clúdaíonn an clár speictream iomlán an phróisis nuálaigh, ó staidéar ar mhargaí go dtí taighde straitéiseach nó seirbhísí um fhorbairt na teicneolaíochta agus cláir oiliúna. Tá Moorepark Technology Ltd. (MTL) ina phríomhnasc sa slabhra aistrithe teicneolaíochta.

Tá an cur i feidhm d'earnáil idirghníomhach de 'bhianna don tsláinte' nó de bhianna feidhmeacha ar na príomhghnéithe a bhaineann leis an straitéis náisiúnta i dtionscal an bhia. Táthar den tuairim go forleathan go bhfuil Teagasc ina gníomhaí tosaigh ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta san fho-earnáil seo, a oibríonn go dlúth leis na gníomhaireachtaí forbartha fiontraíochta agus leis na páirtithe ollscoile le hinfheistíocht dhíreach eachtrach ardteicneolaíochta a mhealladh.

*Aistriú Eolais*
Tacaíonn aistriú eolais le nuálaíocht ó fheirmeoirí i mbainistíocht á ngnólachtaí agus soláthraíonn rochtain ar na teicneolaíochtaí ar féidir leo feidhm a bhaint astu lena gcumas iomaíochta a fheabhsú. Cuireann comhairleoirí an clár comhairleach um aistriú eolais ar fáil i 12 Limistéar Comhairleach Réigiúnach ar fud na hÉireann. Tá na comhairleoirí seo i dteagmháil le 80,000 feirmeoir agus cónaitheoir tuaithe gach bliain, as a bhfuil 45,000 díobh siúd a úsáideann ár ndianseirbhís comhairleachta feirme. Is féidir an tseirbhís a chatagóiriú maidir lena tionchar ar na gnéithe seo a leanas:

- Fás inbhuanaithe, éifeachtúlacht, iomaíochas agus brabúsacht
- Timpeallacht
- Forbairt Tuaithe
- Foghlaim ar feadh an tsaoil
- Feasacht an phobail agus soláthar eolais ghinearálta.

Tá an tseirbhís dírithe ar fheirmeoirí diandéirithe, stoic thirim agus curaíochta agus tá sí forbarthach go príomhá, ach imríonn scéimeanna an bheartais phoiblí agus soláthar seirbhísí agus earraí poiblí tionchar uirthi.

Tá na teicneolaíochtaí is fearr agus an taighde is déanaí aistrithe d'fheirmeoirí trí mhodhanna éagsúla – pléghrúpaí, comhairliúcháin aonair, nuachtlitreacha ar bhainistíocht feirme, an clár oideachais agus oiliúna san áireamh agus trí líon mór imeachtaí poiblí.


*Oideachas*

Tá Teagasc ina soláthraí mór ó thaobh an oideachais de don earnáil ar talamh ar an iomlán agus ina soláthraí suntasach oiliúna in earnáil an bhia. Cuirimid oiliúint ar leith agus oiriúnaithe don earnáil agraisheirbhíse nuair is gá. Is soláthraí oiliúna FETAC sinn a chomhoibríonn le neart páirtithe leasmhara eile, ollscoileanna, institiúidí teicneolaíochta agus páirtithe eile san áireamh, le cláir fheidhmeacha ardchaighdeánacha oideachais agus oilíuna a chur ar fáil. Tá ár gcláir oideachais ar fáil i líonra coláistí agus in ionaid réigiúnacha oideachais ina dtairgtear cúrsaí lánaimseartha, páirtaimseartha agus cianfhoghlama mar is cuí. Tá an fhoghlaim ar feadh an tsaoil anois ina riachtanas riachtanach in earnáil na feirmeoireachta, agus tá ár seirbhísí comhairleacha agus oideachais tiomanta d'fhairsingiú ár róil sa ghné seo ar aon dul leis an éileamh méadaithe ar ár gcúrsaí le blianta beaga anuas.

**Eiseamláir Sheachadta**

Aithníonn an eiseamláir um thacú nuálaíochta de chuid Teagaisc go bhfuil tábhacht ag baint le comhtháthú na bhfeidhmeanna criticiúla sa taighde, le haistriú eolais agus le hionsú eolais (oideachas) le cinntiú go n-imríonn se tionchar ar a páirtithe leasmhara. Go deimhin, tá Teagasc leithleach san Eoraip, mura bhfuil sé leithleach níos faide arís, de bhrí go bhfuil na trí ghné seo leabaithe laistigh d'aon eagraíocht amháin. (Léirítear an eiseamláir i léaráid 1). Ní leor aon ghné amháin le cinntiú go n-aistríonn caipiteal eolais go dtí an gcineál eolais ar féidir le páirtithe leasmhara úsáid agus feidhm a bhaint as. Cuireann an eiseamláir ina luí gur rannpháirtithe móra iad páirtithe leasmhara i gcóras nuálaíochta atá níos oscailte de réir cosúlachta. Ní 'geatóirí' sa phróiseas aistrithe eolais níos mó iad eagraíochtaí um thacú nuálaíochta poiblí, ar nós Teagaisc. Faigheann páirtithe leasmhara eolas ar dhóigh dhíreach agus indíreach trí idirghabhálaithe phoiblí agus príomháideacha de ghach saghas.

**Léaráid 1 Eiseamláir Aistrithe Eolais de chuid Teagaisc**



# Cuid 2

# Anailís Chomhshaoil

**Dúshláin Mhóra do Thalmhaíocht[1]**

Tá méadú tagtha ar líon na 'nDúshlán Mór' atá tagtha chun solais sa chéad deich mbliana den 21ú hAois. San áireamh tá fás daonra, an t-athrú aeráide, fuinneamh, soláthar uisce agus galair ag teacht chun cinn arís, a théann uile i bhfeidhm ar achmhainneacht na talmhaíochta chun soláthar slán de bhia sábháilte a chur ar fáil do dhaonra atá ag dul i méad go tapa. Tá na dúshláin seo ag méadú mar gheall ar an ngéarchéim gheilleagreach agus airgeadais, ar an nganntanas atá méadaithe in acmhainní nádúrtha agus ar an mbonn atá bainte de sheirbhísí éiceachórais. Fíorbhagairt is ea na "Dúshláin Mhóra" seo, ní amháin do sholáthairtí bia sa todhchaí, ach do chobhsaíocht agus do rathúnas domhanda. Léiríonn siad go bhfuil níos mó éiginnteachta ann maidir le forbairt na talmhaíochta amach anseo, rud a chiallaíonn gur deacair an dóigh leis an éileamh atá méadaithe ó thaobh bia agus ábhair bhithbhunacha a bheartú gan an soláthar le haghaidh seirbhísí riachtanacha éiceachórais a chur i gcontúirt. Caithfear dul i ngleic go mór leis na dúshláin seo agus glacadh le straitéisí a chinntíonn go bhfuil trasdul gasta ann le bia níos éifeachtúla agus níos inbhuanaithe a tháirgeadh agus a thomhailt ar domhan srianta ó thaobh acmhainní de.

Tá na Dúshláin Mhóra dhomhanda seo le sonrú i ndúshláin do thalmhaíocht na hÉireann chun:

- Táigiúlacht agus brabúsacht a mhéadú le linn acmhainní atá gann a chaomhnú
- Sábháilteacht bhia a mhéadú, feabhas a chur ar bhainistíocht na n-acmhainní nádúrtha agus bithéagsúlacht a chosaint
- Maolú maidir leis an athrú aeráide agus slándáil fuinnimh a mhéadú.

**Comhthéacs Beartais Náisúnta**

Tá gníomhaíochtaí straiteiseacha de chuid Teagaisc frámaithe i gcomhthéacs cuspóirí an bheartais náisiúnta de réir mar a leagtar amach sna príomhcháipéisí a leanas:

- *Action Plan for Jobs 2012*
- *Government for National Recovery 2011-2016. Programme for Government (2011)*
- *Food Harvest 2020: A Vision for Irish Agri-Food and Fisheries (2010)* and *Milestones for Success (2011)*
- *Food Research Ireland (2011)*
- *Stimulating Sustainable Agricultural Production through Research & Innovation (2011)*
- *Department of Agriculture, Food and the Marine Statement of Strategy 2011-2014*
- *Building Ireland's Smart Economy: A Framework for Sustainable Economic Renewal (2008)*
- *Innovation Ireland: Report of the Innovation Taskforce (2010)*
- *Government Statement. Public Service Reform Plan (2011).*

**Tugann an earnáil agraibhia agus dí fáthanna le:**

6.2 faoin gcéad d  Oll-Bhreisluach (GVA) sa gheilleagar
7.5 faoin gcéad den fhostaíocht náisiúnta (135,000 post)
18 faoin gcéad de tháirgeacht iomlán thionsclaíoch na hÉireann
60 faoin gcéad d  easpórtálacha monaraíochta ó ghnólachtaí dúchasacha
Easpórtálacha de luach   8.9 billiún sa bhliain 2011.

[1] http://%3chttps//www.agronomy.org/files/science-policy/asa-grand-challenge-2010.pdf%3E

Tá polasaí an Rialtais chun dul i ngleic leis an gcor chun donais eacnamíoch atá ann faoi láthair leagtha amach ina *gClár Rilatais 2011-2016*. Is iad na príomhthosaíochtaí ná le tacaíocht a thabhairt do chosaint agus do chruthú post, le hathrú a chur chun cinn i ngach gné den saol poiblí agus le hathnuachan inbhuanaithe eacnamaíochta a chruthú. Cuireann an doiciméad in ord tosaíochta an gá atá ann le hairgeadais na tire a chur ar ais agus le córais na riarachán poiblí a athchóiriú. Mar fhreagra ar an ngéarchéim atá le sonrú sna hairgeadais phoiblí, tá sé den tuairim go mbeidh níos mó diancheartuithe buiséadacha ann agus go leanfar ar aghaidh le polasaithe sriantacha maidir le soláthar foirne san earnáil phoiblí.

Cuireann an Clár roinnt straitéisí in iúl le taca a chur faoi fhorbairt Gheillegar Cliste na hÉireann, bunaithe ar iomaíochas idirnáisiúnta a fheabhsú, ar infheistíocht sa taighde agus sa nuálaíocht agus ar ghlaschlár oibre a chur i bhfeidhm leis an dóigh a mbímid ag dul i muinín an fhuinnimh iontaisigh a mhaolú agus le gnóthas 'ghlas' a chur chun cinn. Léiríonn sé níos mó forbartha agus nuálaíochta inár n-earnálacha déiríochta agus feola mar phríomhthosaíocht mar aon le tacaíocht a thabhairt d  fhorbairt ghnólachtaí nua bia. Díríonn an Clár freisin ar idirbheartaíocht fabhrach ar son pacáiste athchóirithe CBT d'Éirinn tar éis 2013 agus leagann sé béim ar leith ar chabhrú a thabhirt d'fheirmeoirí óga.

Tá sé ina chuspóir ag an *bPlean Gníomhaíochta le haghaidh Post 2012* timpeallacht a chur ar fáil ina rachaidh líon na ndaoine ar obair i méad ag 100,000 i 2016 agus ag 200,000 i 2020. Glacann an Plean leis na spriocanna fostaíochta a leagtar amach i bhFómhar Bia 2020 le taca a chur faoi leibhéil reatha fhostaíochta 135,000 in agraibhia agus le glanmhéadú 7,500 i dtáirgeadh breisluacha bia a aimsiú, mar aon le tionchar na fostaíochta indíri a fhorbairt.

Leagann *Fómhar Bia 2020* straitéis amach don fhorbairt mheántéarmach san earnáil agraibhia. Cuireann sé in iúl na deiseanna agus na dúshláin os comhair na hearnála agus na gníomhaíohctaí ar gá leo le cinntiú go gcuireann sé ar dhóigh uasmhéadaithe leis an téarnamh geillgearach bunaithe ar onnmhairiú.

Forbraíonn an tuarascáil fís don earnáil agraibhia mar thionsclaíocht idirghníomhach, dírithe ar chustaiméirí agus ar an todhchaí, ina mbaintear feidhm as deiseanna nua i margaí idirnáisiúnta fairsingíocha ar mhaithe le táirgí nádúrtha ardchaighdeánacha atá sábháilte. Leis an bhfís seo a fhíorú ina hiomláine, maíonn an tuarascáil go gcaithfear dul i ngleic le roinnt dúshlán struchtúrtha ó thaobh earnálacha próiseála agus táirgthe de agus aird a chinntiú go leantar ar aghaidh leis na caighdeáin táirgthe agus chomhshaoil i ngach céim sa bhiashlabhra.

**Is mian le Fómhar Bia 2020:**

- Príomhtháirgeacht san earnáil talmhaíochta, iascaigh agus fhoraoiseachta a mhéadú le 1.5 billiún. Is ionann é seo agus méadú 33% ar an meán idir 2007-2009
- An Breisluach in earnáil na dtáirgí agraibhia, iascaigh agus adhmaid a mhéadú le 3 billiún. Is ionann é seo agus méadú 40% i gcomparáid le 2008
- Sprioc táirgeachta   12 billiún a bhaint amach don earnáil. Is ionann é seo agus méadú 42% ar an meán idir 2007-2009.

Is iad a leanas i gcroílár na straitéise **clisteacht, cur chuige glas** and **fás**.

| | |
|---|---|
| **CLISTEACHT:** | Ag tacú le heolas, le scileanna agus le smaointe |
| **CUR CHUIGE GLAS:** | Ag deimniú agus ag baint feidhme as buntáistí agus acmhainní na hÉireann |
| **FÁS:** | Giaráil nuálaíochta agus scálaithe le haghaidh méaduithe éifeachtúla agus inbhuanaithe ó thaobh táirgeachta de le brabúsacht fadtéarmach a sheachadadh. |

Léirítear sa tuarascáil go bhfuil ról lárnach ag Teagasc i bhforbairt agus in aistriú eolais agus teicneolaíochtaí nua agus i neartú na tionsclaíochta scilbhunaithe. Ainmníonn sé príomhthosaíochtaí ó thaobh taighde agus aistriú teicneolaíochta de agus molann go bhfuil páirt níos mó ag an tionscal le tosaíochtaí a leagan síos agus le himeachtaí a mhaoiniú. Iarrann sé ar thiomantas méadaithe maidir le comhpháirtíochtaí straitéiseacha comhoibríocha agus ar aird a dhíriú ar spreagadh agus ar mheantóireacht nuálaíochta agus ghníomhaíochta fiontraíochta leis. an bhfostaíocht a mhéadú.

Cuireann sé béim freisin go gcaithfear earnáil phoiblí T&F a mheas níos mó sa todhchaí maidir lena tionchar deireanach ar an tionscal.

Mar gheall ar mholadh a tháinig aníos i bhFómhar Bia 2020, d fhoilsigh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus na Mara dhá thuairisc nua[2] a bhfuil sé mar aidhm acu infheistíocht phoiblí i dtaighde i dtáirgeadh tlamhaíochta agus bia faoi seach a threorú. Tá sé ina chuspóir ag cláir oibre an taighde seo eolas eolaíoch a chur ar fáil le taca a chur faoi na spriocanna fáis i dtuarascáil an Fhómhair Bhia. Tabharfaidh siad eolas freisin do chláir thaighde de chuid Teagaisc i rith na tréimhse straitéisí seo.

Leagann na doiciméid pholasaithe i gceist béim ar an dóigh a bhfuil an rath fadtéarmach ó thaobh cúrsaí eacnamaíocha agus sóisialta deo in Éirinn ag brath ar infheistíocht leanúnach i dtaighde agus i nuálaíocht chun feabhsuithe san iomraíochas a chur chun cinn, chun inbhuanaitheacht chomhshaoil a fheabhsú agus chun caighdeán maireachtála ár saoránach a fheabhsú. Beidh tionchar freisin ag an mbeart ar Thosaíocht Taighde Náisúnta a d'fhoilsighForfás ar ár dtosaíochtaí agus ár ngíomhaíochtaí le linn thréimhse reatha na straitéise seo.



**Slándáil Dhomhanda an tSoláthair Bhia**

Tá Slándáil Bia anois aithnithe ar phríomhdhúshláin dhomhanda an chéid. Sa bhliain 2050, measann an EBT go mbeidh ar an domhan 70% níos mó de bhia gach bliain le daonra tuartha 9 billiún a chothú. Ina theannta sin, is é de thoradh ar ioncam méadaithe i dtíortha i mbéal forbartha go bhfuil nósanna athruithe caithimh bhia ann, ina mbíonn níos mó éilimh ar bhia próiseáilte, ar fheoil, ar dhéirí agus ar iasc le linn daonraí fásta i dtíortha forbartha ag iarraidh agus ag íoc as bianna atá sláintiúil, folláin agus inbhuanaithe. Cruthaíonn an fás i margaí domhanda bia agus an t-athrú ar nósanna caithimh bhia deiseanna móra do bhiatháirgí na hÉireann ar chuntar go maireann iomaíochas idirnáisiúnta sa tionscal agus go gcuirtear lena thréithe inbhunanaite.

**Fadbhreathnaitheacht an Bhia Dhomhanda agus na Feirmeoireachta sa Ríocht Aontaithe[3]**

Leagann an tuarascáil ar Fhadbhreathnaitheacht an Bhia Dhomhanda agus na Feirmeoireachta sa Ríocht Aontaithe béim ar an bpráinn a bhaineann le dúshlán na slándála bia agus ar na cinntí a gcaithfidh an lucht déanta beartas aghaidh a thabhairt orthu inniu, agus sna blianta amach romhainn, le cinntiú gur féidir daonra domhanda de naoi billiún a chothú ar bhon inbhuanaitheachta agus cothromais. Is tuarascáil údarásach agus fhorleathan í, lena bhfuil ábharthacht náisiúnta agus dhomhanda, a chuireann in iúl go bhfuil gá ann le táirgeadh a mhéadú, le dramhaíl a laghdú, le hastuithe a ghearradh agus le saorthrádáil a bheith ann chun dul i ngleic leis na brúnna a mhaireann sa bhiachóras domhanda. Conclúid mhór is ea go bhfuiltear ar an eolas nach bhfuil ag éirí leis an mbiachóras domhanda sa lá atá inniu ann agus go bhfuil gá ann le níos mó bia a tháirgeadh ó thalamh agus ó acmhainní atá ann cheana trí 'dhiansaothrú inbhuanaithe' talmhaíochta. Léiríonn an tuarascáil go mbeidh infheistíocht spriocdhírithe i dtaighde talmhaíochta ag teastáil le torthaí agus le hathléimneacht aeráide a mhéadú maidir le táirgeadh bia chun na dúshláin a shárú. Mar sin de, cuireann an tuarscáil i bhfios go láidir nár chóir d'aon chur chuige teicneolaíochta a chur as an áireamh agus gur chóir nuálaíocht a chur ar fáil de réir critéir eolaíocha ar bhonn fianaise.

---

[2] *Food Research Ireland* (2011)*; Stimulating Sustainable Agricultural Production through Research & Innovation* (2011).

[3] The Government Office for Science (2011). *Foresight. The Future of Food and Farming. Final Project Report*, London.

Sa ghearr go meántéarma, táthar ag súil le go leanfar ar aghaidh leis an luaineacht de phraghasana a bhfuil tréithe di le sonrú i margaí idirnáisiúnta tráchtearraí, faoi thionchar athruithe soláthair, an athrú aeráide, polasaithe fuinnimh, praghasanna agus forbairtí um beartas trádála. Ina ainneoin seo, meastar go bhfuil margaí domhanda fadtéarmacha maidir le cúrsaí talmhaíochta dearfach, agus go dtiocfaidh desieanna aníos do tháirgí déiríochta na hÉireann, táirgí tomhaltais breisluacha agus feola, a sholáthróidh ioncam maith d'fheirmeoirí, do phróiseálaithe bia agus gheilleagar na tíre.

**Creatlach an Pholasaí Idirnáisiúnta agus san AE**

Cuirfidh Comhbheartas Talmhaíochta an AE (CBT) creatlach polasaí ar fáil go fóill do thalmaíocht na hÉireann. Tá an chéad mhórchéim eile maidir le hathchóiriú CBT ag teacht aníos sa bhliain 2013. Ba é toradh na céime deirí ó thaobh athchóirithe de i 2003 agus an athbhreithnithe i 2008 ná go raibh díchúpláil shuntasach d'fhóirdheontais ann maidir le táirgeacht agus cúpláil ina codanna le coinníollacha áirithe agus riachtanais bhainistíochta a bhaint amach chun dul i ngleic le fadhbanna rótháirgeachta, le cinntiú go mbeadh freagairtí níos mó ann maidir le leideann sa mhargadh agus chun cosaint an chomhshaoil, sábháilteach bia agus leas ainmhithe a neartú. Tá brú ann an nasc idir íocaíocht d'fheirmeoirí agus iomaíochas agus inbhuanaitheacht táirgeadh talmhaíochta a neartú – níos mó cuspóirí poiblí ó thaobh cúrsaí comhshaoil, tírdhreacha, bithéagsúlachta agus leas ainmhithe de san áireamh.4 Trí chuótaí bainne a chur ar ceal i 2015, tá deis áirithe ann chun táirgeacht bhainne in agus táirgí gaolmhara breisluacha in Éirinn a mhéadú. Is í gné na n-athchóirithe atá molta faoi láthair ná tiomantas níos déine chun taighde agus forbairt a thacú trí bhuiséad nua taighde agus forbartha agus trí thiomantas chun tacaíocht a thabhairt do chomhpháirtithe nuálaíochta agus do Chóras Comhairleach Ferimeoireachta atá forbartha.

**Riachtanais agus leasanna an chustaiméara**

Ní mór do tháirgeacht talmhaíochta agus bhia freagairt do shaincheisteanna slándála bia atá ag dul i méad ar domhan le linn di ionchais tomhaltóirí atá níos saibhre a bhaint amach maidir le caighdeán níos fearr i dtáirgí ó thaobh caighdeáin agus sláinte de agus iad a tháirgeadh ar dhóigh níos inbhuanaithe. Táthar ag súil le go mbainfidh feirmeoirí na héilimh bhia atá ag dul i méid amach le linn dóibh níos lú ionchur seachtrach a úsáid, déileáil le srianta mar gheall ar an athrú aeráide, dul i gceann riachtanais fuinnimh agus mustar méadaitheach d'earraí poiblí a chur ar fáil.

**Diansaothrú Inbhuanaithe[5]**

Mar gheall ar na dúshláin atá ann agus iad atá le teacht do sholáthar ár mbia agus don chomhsaoil, tá diansaothrú inbhuanaithe de tháirgeacht talmhaíochta ag teacht aníos mar thosaíocht mhór ag lucht déanta beartas agus ag gníomhaireachtaí idirnáisiúnta forbartha. Is éard atá sa diansaothrú inbhuanaithe ná táirgeacht a dhéanamh ón bpíosa céanna talaimh le linn tionchair dhiúltacha don chomhshaoil a laghdú agus ranníocaíochtaí don chaipiteal nádúrtha agus sreabhadh seirbhísí comhshaoil a mhéadú.

Tá na fórsaí seo ina mbagairt agus ina ndeiseanna d Éirinn, dá cuid feirmeoirí agus dá próiseálaithe bia. Le tairbhe a bhaint as na deiseanna agus na bagairtí a íoslaghdú, ní mór dár straitéis náisiúnta amach anseo cinntiú go leantar ar aghaidh le bonntáirgeacht láidir talmhaíochta a chur ar fáil atá iomaíoch, inbhuanaithe agus brabúsach; go gcuirtear leis an soláthar Eorpach bia atá slán agus inbhuanaithe; go bhfuil sí comhoiriúnach leis an ngá práinneach atá ann chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú; go bhfuil sí in ann freagairt d éilimh an mhargaidh; agus go gcabhraíonn sí le pobail láidre tuaithe a choinneáil.

Le tairbhe a bhaint as na nósanna tomhaltóirí soe agus chun dul i gceann na ndúshlán comhshaoil agus aon dúshlán eile, ní mór don earnáil agraibhia go mbíonn rochtain aici ar thaighde leanúnach, mar aon le leibhéal méadaithe hinfheistíochta ó thaobh cúrsaí comhairleacha agus oideachais de.

**Comhshaol Inmheánach**

***Clár um Athrú de chuid Teagaisc agus Polasaithe san Earnáil Phoiblí***

Téann an Clár um Athrú de chuid Teagaisc 2009 – 2013 i ngleic leis an ngá leanúnach le haghaidh athraithe arna ainmniú i dTeagasc 2030 agus leis an ngá le haghaidh cuíchóirithe shuntasaigh ó thaobh acmhainní de le cinntiú go bhfuil sé oiriúnach don fheidhm agus go bhfuil luach an airgid phoiblí ann.

---

[4] (http://eur-lex.europa.eu/LexUriServ/LexUriServ.do?uri=COM:2010:0672:FIN:en:PDF

[5] The Royal Society (2009). ***Reaping the Benefits. Science and the Sustainable Intensification of Global Agriculture***, London.

Is iad na torthaí ó chur i ngníomh an chláir um athrú seo ná diúscairt amhainní, laghdú suntasach ar líon na n-ionaid taighe, oideachais agus comhairliúcháin, gearradh siar ar phoist bhainsitíochta agus riaracháin; laghdú cuimsitheach i líon na foirne, a chiallaíonn go mbeidh gnóthachain shuntasacha táirgiúlachta ann ar fud na heagraíochta. Is mar gheall ar chur i ngníomh an Chláir go bhfuil struchtúr níos lú ardbhainsitíochta agus clárstruchtúr nua bunaithe ar cheithre clár chomhtháite oibriúcháin.

Beidh gá le ceartuithe breise mar aon leis na cinn atá leagtha amach sa Chlár um Athrú sa dóigh Teagasc in ann a líon foirne a laghdú ar aon dul lena sprioc ó Chreat Rialaithe Fostaíochta (CRF) de réir an Rialtais. Beidh laghdú sa bhreis 195 ag teastáil ar líon na foirne, ó 1188 ag tús 2012 go 993 ag deireadh 2014.

***Teagasc 2030: Aird Athnuaite ar an Nuálaíocht***[6]

***Teagasc 2030*** béim ar ról na heagraíochta maidir le cothú um nuálaíocht eolaíochtbhunaithe ar fheirmeacha agus i ngnólachtaí agus léirigh na straitéisí a bheadh ag teastáil le é seo a bhaint amach. Ba í conclúid na tuarascála go mbeadh ar Theagasc féin bheith níos nuálaí le coinneáil suas chun dáta: trí uasghrádú a dhéanamh ar ár gcuid ábaltachtaí eolaíocha; trínár seirbhísí taighde, comhairleacha agus oideachais a chomhtháthú sa dóigh go n-aistreofaí eolas ar dhóigh níos éifeachtúla; trí níos mó airde a dhíriú ar chomhpáirtíocht pháirtithe leasmhara a chur chunn cinn; trí bhaint amach tosaíochtaí a neartú; agus trí mheicníochtaí níos solúbtha maidir le leithdháileadh acmhainní a fhorbairt.

Cuirfidh *Plean Athchóiriúcháin na Seirbhísí Poiblí (2011)* leis an móiminteam atá ann sna hathruithe atá faoi lánseol cheana i dTeagasc le go mbeidh níos mó seirbhísí solúbtha agus freagracha ar fáil do chliaint agus do pháirtithe leasmhara, a leabóidh cultúr láidir um nuálaíocht, um athrú agus um riosca bainistithe níos mó laistigh den eagraíocht.

Gan amhras, beidh Teagasc ina eagraíocht níos lú sna trí bliana atá le teacht. Ar aon dul le haird na straitéise, ní mór di bheith ina eagraíocht atá níos nuálaí, níos éifeachtúla agus níos fócasaithe. Ní mór di taribhe iomlán a bhaint as a láidreachtaí leithleacha eagraíochtúla trína himeachtaí taighde, comhairleacha agus oideachais a neartú, a chiallaíonn go mbíonn sí níos aclaí, níos solúbtha agus níos réamhghníomhaí chun aird a dhíriú go hiomlán ar an dóigh le bheith fiúntach dá cliaint agus dá páirtithe leasmhara.

Le linn do Theagasc dul sa tóir ar chlár idirghníomhach oibre um athrú, ní mór don eagraíocht leibhéal criticiúil a choinneáil maidir le foireann oilte agus le hacmhainní eile sa dóigh go leanann sí ar aghaidh lena cuid freagrachtaí reachtúla a bhaint amach.

***Forbairt Daoine***

Is mar gheall ar na dúshláin reatha, atá os comhair na heagraíochta agus a cuid cliant agus mar gheall ar na hábaltachtaí agus na hinniúlachtaí ar gá leo chun an chláir um Athrú agus Teafasc 2030 a chur i ngníomh, gur forbraíodh **Straitéis um Dhaoine, Cheannasaíocht agus Athrú** (DCA), a bhfuil anailís chriticiúil déanta aici ar riachtanais acmhainní daonna na heagraíochta agus a bhfuil gníomhaíochtaí agus pleananna cur i ngníomh forbartha aici a soláthrófar i rith théimhse na straiteise iad.

***Athbhreithniú ar an bpróiseas gnó***

Tá Teagasc ag tabhairt faoi oibriú chun an phróiseas gnó a fheabhsú ar mhaithe le feidhmeanna riaracháin agus leis an bhfoireann a bharrfheabhsú chun seirbhísí túslíne a sholáthar. Is mar gheall ar an oibriú go mbeidh eiseamláir nua de sholáthar seirbhísí maidir le seirbhísí riaracháin, próisis fheabhsuithe do gach feidhm riaracháin san áireamh. Cé gur cuireadh tús leis an athbhreithniú roimh Chomhaontú Pháirc an Chrócaigh, tá sé ar aon dul leis na hionchais atá leagtha amach sa Chomhaontú sin maidir le nuachóiriú agus le soláthar éifeachtúlachtaí níos mó laistigh den earnáil phoiblí.

[6] Teagasc (2008). ***Teagasc 2030: Teagasc's Role in Transforming Ireland's Agri-Food Sector and the Wider Bioeconomy***

# Cuid 3

## Saincheisteanna Straitéiseacha a thagann chun cinn agus Nuathreoracha Straitéiseacha

Cuirfidh an anailís chomhshaoil atá luaite i gCuid 2 cruth ar sholáthar an tsainordaithe de chuid Teagaisc i rith thréimhse na straitéise ar roinnt príomhdhóigheanna.

**Scóip an Chláir**
Tá na ionchais fhadtéarmacha a bhaineann le táirgí talmhaíochta dearfach. De réir mar a mhéadaíonn an daonra, tuartha ag 9 billiún i 2050, rachaidh éileamh le haghaidh bhia i méid. Go háirithe, rachaidh an t-éileamh feola agus déiríochta i méid sna tíorthas i mbéal forbartha, agus rachaidh bianna níos ardchaighdeánaí agus níos folláine i méid san Eoraip agus i Meiriceá Thuaidh. Chun dul i gceann na ndúshlán seo, beidh ar tháirgeacht bhia in Éirinn bheith dírithe ar tháirgeadh inbhuanaithe agus iomaíoch ó thaobh costais de le linn di ag iarraidh luach níos fearr a bhaint amach dá táirgí trí éifeachtúlacht a fheabhsú, trí tháirgeacht a ailíniú níos fearr le riachtanais dhomhanda an mhargaidh agus tríd theoraí domhanda a dhéanamh den tír maidir le táirgeacht táirgí atá inbhuanaithe agus sábhálite agus a ndeántar go heiticiúil iad. Chun na nua-éilimh seo a bhaint amach, ní amháin nach mór don talmhaíocht bheith níos táirgiúla, ach ní mór di a 'lorg comhshaoil' a mhaolú go mór.

Beidh nuálaíocht ag teastáil le trasfhoirmiú na hearnála a chur chun cinn chun feidhm a bhaint as na deiseanna nua. Bíonn gá le scileanna agus le heolas mar aon le teicneolaíocht nuair a táthar ag soláthar bia – ní amháin na scileanna traidisiúnta a bhfuil baint acu le táirgeadh barraí agus beostoic, ach an tsainoilteacht theicniúil agus eacnamaíoch atá ag teastáil, de réir dealraimh, chun leas a bhaint as dul chun cinn na heolaíochta agus le hoibriú laistigh den bhiachóras nua-aimseartha.

Thar na trí bliana ata le teacht, tá rún ag Teagasc feabhas a chur ar a cuid iarrachtaí chun an nuálaíocht a chothú, ní amháin trí chur in iúl d'fheirmeoirí agus do ghnólachtaí bia go bhfuil an t-eolas agus an teicneolaíocht nua seo ann, ach trí spreagadh agus cabhrú a thabhairt dóibh chun tairbhe a baint as na deiseanna atá ann mar gheall ar na forbairtí seo, rud a chuirfidh le spriocanna an Rialtais chun táirgeacht, luach agus easpórtálacha agus fostaíocht inbhuanaithe sa tionscal a mhéadú.

***Nuathreoracha straitéiseacha***
Ar aon dul leis an anailís chomhshaoil a bheidh ar siúl, déanfaidh Teagasc:

- Cláir a neartú a dhíreoidh airde ar iomaíochas i dtalmhaíocht i mbia na hÉireann chun tacú leis na spriocanna fáis atá leagtha amach i *bhFómhar Bia 2020 agus i nGarspriocanna le haghaidh Ratha*
- Inbhuanaitheacht a phríomhshruthú ar fud ár gclár leis teicneolaíochtaí ar gá leo a fhorbairt agus a leathadh chun treoraí domhanda a dhéanamh d'Éirinn maidir le táirgeacht inbhuanaithe eolaíochtbhunaithe i dtalmhaíocht agus i mbia
- Ár ról chun tacú le nuálaíocht a neartú le taca a chur faoi fhás an earnáil agraibhia agus déanfar é a chur ar a chumas chun cur le fás geilleagrach ar an iomlán, le cruthú fostaíochta agus le torthaí náisiúnta comhshaoil agus sóisialta.

Léireofar ár dtiomantas athnuaite maidir le cothú nuálaíochta ar fheirmeachas agus i ngnólachtaí trí(d):
- ❍ straitéis d'aistriú eolais agus teicneolaíochta nua maidir le bia a lainseáil i 2012
- ❍ an tseirbhís chomhairleach a athstruchtúrú chun aistriú teicneolaíochta a chur in ord tosaíochta
- ❍ aird athnuaite maidir le ról pléghrúpaí i ngach fiontraíocht mhór fheirme a neartú
- ❍ chlár oideachais níos freagraí agus níos solúbtha a fhorbairt go marthanach
- ❍ feirmeacha nua taispeántais a lainseáil agus Clár Feirmeacha na Mairteola is Fearr a dhéanamh níos mó
- ❍ tionscadail taighde le gnólachtaí bia atá níos comhoibríthí a fhorbairt

- Ionad Nualaíochta de chuid Teagaisc/an Bhord Bainne a dhéanamh níos mó le píblíne a ghiniúint de tháirgí brandáilte bainne do thomhaltóirí
- Ionad do theicneolaíocht díhiodráitithe a bhunú le haghaidh comhábhair 'chliste' a chruthú a bhfuil níos mó ná feidhm amháin acu do réimsí éagsúla bia ar domhan.

***Srianta Acmhainní***

Beidh ar Theagasc clár dúshlánach a sholáthar maidir le gníomhaíochtaí thar thréimhse na straiteise seo, cé go mbeidh ollsrianta acmhainní ann. Déanfar é seo trí dhul sa tóir ar ghníomhaíochtaí straitéiseacha ar fud na heagraíochta mar a leanas:

- athdhíriú ar acmhainní comhairleacha maidir le riachtanais fhorbartha pháirtithe leasmhara, san áireamh beidh tiomantas iomlán ann chun rollú mac léinn a uasmhéadú inár gcoláistí talmhaíochta
- seirbhísiú lasmuigh de réir a chéile de sholáthar neamh-bhunoideachais agus de sheirbhísí comhairleacha
- aird leanúnach ar acmhainní taighde maidir le taighde iomaíoch agus cothabháil ar an gcothrom idir taighde fheidhmeach agus straitéiseach
- ról níos mó le heolas taighde a fháil
- tiomántán le hacmhainní do bhuanfhoireann taighde a ghiaráil trí dhul sa tóir ar chuspóirí seachtracha ioncaim atá infhaighte agus insroichte
- forbait leanúnach ar chlár leathan teicneolaíochta oibre maidir le gnéithe ar nós teicneolaíochtaí féir agus phórú ainmhithe a bhaineann le réimse de ghnóthais fheirme
- tiomantas le comhpháirtíochtaí straitéiseacha ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhunú le heagraíochtaí comhlántachta. Is éard atá i gceist leis seo go gcuirimid leis na comhaontais náisiúnta ata againn lenár gcomhpháirtíochtaí ollscoile agus go mbainimid tairbhe as an infheistíocht le haghaidh taighde talmhaíochta atá i mbun fáis ar domhan faoi láthair
- leanúint ar aghaidh leis an bpróiseas atá á reachtáil le roinnt de bhlianta anuas maidir le héifeachtúlachtaí riaracháin a bhaint amach trí chuíchóiriú oifige, ceartú i bpróisis ghnó san áireamh
- tiomantas le haghaidh infheistíochta i mbonneagar mór straiteiseach
- infheistíocht leanúnach i bhforbairt na n-acmhainní daonna tríd an *Straitéis um Dhaoine, Cheannasaíocht agus Athrú* a chur i ngníomh.

**AgResearch: Athdhíríonn an Nua-Shéalainn a straitéis maidir le hiomaíochas agus le hinbhuanaitheacht[7]:**

I ndiaidh athbhreithnithe mhóir ar Institiúidí Taighde na Corónach (ITC-eanna) sa Nua-Shéalainn, lainseáil 'AgResearch', an institiúid ag a bhfuil freagrachtaí ó thaobh taighde talmhaíochta agus bia, straitéis mór nua i 2011. Cuireann an straitéis nua seo in iúl an dóigh a bhainfidh AgResearch a príomhchuspóir amach i.e. "...to enhance the value, productivity and profitability of New Zealand's pastoral, agri-food and agri-technology sector value chains to contribute to economic growth and beneficial environmental and social outcomes for New Zealand". Mar gheall ar an straitéis nua seo, tá athruithe ag teachr ar Agresearch sa dóigh le go n-oibríonn sé go straitéiseach i gcomhpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara san earnáil chun nuálaíocht a chothú agus chun luach a chruthú don Nua-Shéalainn. Tá sé seo á dhéanamh trí chroímhaoiniú na heagraíochta a mhéadú, a chiallaíonn go dtugann sé faoi thaighde fadtéarmach i gcomhpháirtíocht agus le cinntiú go bhfuil sé ina phríomhchuid de chóras nuálaíochta na tíre.

---

[7] AgResearch (2011*). Sustainable Economic Growth for New Zealand. AgResearch Statement of Corporate Intent 2011-2016.*

# Cuid 4

## Spriocanna, Cuspóirí agus Gníomhaíochtaí Straitéiseacha

**Spriocanna**
Tá ceithre sprioc ag Teagasc atá ceaptha chun:

**SPRIOC 1**
***Iomaíochas talmhaíochta, bia agus an bhithgheilleagair mhóir a fheabhsú***
Is codanna criticiúla iad leibhéil bhreisithe táirgeachta, laghduithe ó thaobh costas de agus aird aonchuspóireach ar threoshuíomh an mhargaidh chun fás i dtalmhaíocht agus i mbia na hÉireann a chur chun cinn. Beidh gá le forbairt teicneolaíochtaí nua agus chóras nua agus a scaipeadh agus a nglacadh.


**SPRIOC 2**
***Tacú le feirmeoireacht inbhuanaithe agus leis an timpeallacht***
Ní mór do chórais táirgeachta bia amach anseo bheith inbhuanaithe maidir le soláthar bia atá sábháilte agus folláin nach dtéann i bhfeidhm go mór ar an timpeallacht. Leis seo a dhéanamh, beidh gá le leibhéal breisithe go mór de nuálaíocht, a chiallaíonn go mbeidh feabhsuithe móra i dtaca lehéifeachtúlacht agus le laghadú dramhaíola agus go mbeidh cineálacha nua teicneolaíochtaí ar fáil.

**SPRIOC 3**
***Geilleagar na tuaithe a éagsúlú agus caighdeán maireachtála i gceantair tuaithe a fheabhsú***
Tá gá le comhairle ardchaighdeánach maidir le taighde agus le polasaithe na heolaíochta sóisialta chun cur le feabhsú iomaíochais, brabúsachta agus inbhuanaitheachta i dtalmhaíochta na hÉireann agus le caighdeán maireachtála sa tuath in Éirinn a fheabhsú, cúrsaí sábháilteachta aagus sláinte san áireamh.

**SPRIOC 4**
***Ábaltacht ó thaobh eagair de a fheabhsú agus luach an airgid a bhaint amach***
Chun forbairt a dhéanamh ar ár bhfoireann, ár bpróisis agus ár dteicneaolaíocht le cinntiú gur eagraíocht freagrach ar mhaithe le torthaí sinn.

Is ionann na spriocanna seo leis an bhfís iomlán don earnáil agraibhia atá leagtha amach i dTeagasc 2030 agus i bhFómhar Bia 2020 agus cuireann siad in iúl aiseanna téamacha an AE maidir le polasaithe forbartha na tuaithe. Taispeánann Léaráid 2 an leithdháileadh acmhainní atá ann faoi láthair idir na trí chlársprioc.

**Léaráid 2 Leithdháileadh acmhainní de réir Spriocanna**



## Spriocanna

### Sprioc 1. Iomaíochas talmhaíochta, bia agus an bhithgheilleagair mhóir a fheabhsú

| Gníomhaíochtaí Straitéiseacha | Táscairí Ardleibhéil Ratha |
|---|---|
| • Le heolas agus le teicneolaíochtaí a ghiniúint agus a thabhairt chun críche mar is cuí maidir le riachtanais iomaíochais i dtionscail na feirmeoireachta agus an bhia in Éirinn<br>• Le heolas agus le teicneolaíochtaí a scaipeadh ar fheirmeoirí agus ar ghnólachtaí le cinntiú go bhfuil tionchar inchainníochtaithe ar bhrabúsacht, ar iomaíochas, ar easpórtálacha agus ar fhostaíocht<br>• Le hoideachas agus le cláir oiliúna cuí a chur ar fáil sa dóigh gur féidir le feirmeoirí agus le gnólachtaí bia in Éirinn tairbhe iomlán a bhaint as na deiseanna atá ann mar gheall ar eolas agus teicneolaíochtaí nua. | • Cur i ngníomh na dtiomantas cuí i FB2020 agus in 'Milestones for Success' de réir mar a mheastar agus mar a thuairiscítear don Choiste Ardleibhéil Feidhmiúcháin iad<br>• Cur i bhfeidhm gníomhaíochtaí mar a leagtar amach i ngnóphleananna bliantúla de chuid Teagaisc iad. |

### Tionscnaimh nua ar na bacáin:

- Feirm úrnua dhéiríochta de chuid Greenfield a bhunú in Iarthar na hÉireann
- Tréad ba bainne na chéad glúine eile a chruthú
- Diúilfheirm úrnua thaispeántais de chuid Greenfield a bhunú in Iarthar na hÉireann
- Tús a chur le comhchlár taighde agus comhairliúcháin i dtionscal na muc
- Clár Feirme Mairteola de chuid Teagaisc/Iris Fheirmeoirí na hÉireann BETTER a dhéanamh níos mó
- Cur i ngníomh straitéis aistrithe le haghaidh aistriú teicneolaíochta nua bia agus eolais
- Cur i ngníomh comhchlár le COBÁC mar a mheastar i gcomhpáirtíocht Teagaisc/COBÁC é
- Nuachlár do Bhainisteoirí Gairmiúla Feirme (déirí) a chur ar fáil
- Comhoibriú leis an mBord Bainne chun táirgí déiríochta brandáilte do thomhaltóirí a fhorbairt
- Iarratas a chur le chéile agus a thosú ar ghéanómaíocht do phórú féir
- Nuathaighde a fhorbairt bunaithe ar luach a fháil ó shrutha dramhaíola i dtionscal na feola.

## Sprioc 2. Tacú le feirmeoireacht inbhuanaithe agus leis an timpeallacht

| Gníomhaíochtaí Straitéiseacha | Táscairí Ardleibhéil Ratha |
|---|---|
| • Le heolas agus le teicneolaíochtaí a ghiniúint agus a thabhairt chun críche mar is cuí maidir le riachtanais inbhuanaithe i dtionscail na feirmeoireachta in Éirinn<br>• Le heolas agus le teicneolaíochtaí a scaipeadh ar fheirmeoirí agus ar ghnólachtaí le cinntiú go bhfuil tionchar inchainníochtaithe ar inbhuanaitheacht a gcuid gníomhaíochtaí táirgeachta<br>• Le hoideachas agus le cláir oiliúna cuí a chur ar fáil sa dóigh gur féidir le feirmeoirí Éireann tairbhe iomlán a bhaint as na deiseanna atá ann do dhiansaothrú inbhuanaithe. | • Cur i ngníomh na dtiomantas cuí i FB2020 agus in 'Milestones for Success' de réir mar a mheastar agus mar a thuairiscítear don<br>• Choiste Ardleibhéil Feidhmiúcháin iad Cur i bhfeidhm gníomhaíochtaí mar a leagtar amach i ngnóphleananna bliantúla de chuid Teagaisc iad. |

### Tionscnaimh nua ar na bacáin:

- Lorg carbóin i ndéiríocht na hÉireann a áiriú agus "táscaire carbóin" a fhorbairt le feirmeoirí déiríochta a threorú i dtreo lorg carbóin níos lú
- Plean a fhorbairt chun inbhuanaitheacht a phríomhshruthú thar gach clár taighde
- Clár comhairleach a fhorbairt agus a chur i ngníomh bunaithe ar thaighde déanta ar an dobharchlár
- Tacú le cur i ngníomh na chéad céime eile de Phlean Gníomhaíochta um Níotráití
- Tacú le cur i ngníomh Úsáid Treoirchlár Úsáide Inbhuanaithe ar Locnaidicídí.

## Sprioc 3. Geilleagar na tuaithe a éagsúlú agus caighdeán maireachtála i gceantair tuaithe a fheabhsú

| Gníomhaíochtaí Straitéiseacha | Táscairí Ardleibhéil Ratha |
|---|---|
| • Le heolas agus le huirlisí um beartas cinnidh a thabhairt chun críche mar is cuí maidir le riachtanais fhorbartha i gceantair tuaithe<br>• Le heolas a scaipeadh ar mhaithe le ceantair tuaithe a fhorbairt<br>• Le hoideachas agus le cláir oiliúna cuí a chur ar fáil sa dóigh gur féidir le cónaitheoirí tuaithe agus le tairbhe a bhaint as na deiseanna atá ann chun ceantair tuaithe a fhorbairt.<br>• Chomh-thionscnaimh feirmeoireachta a chur chun cinn | • Cur i ngníomh na dtiomantas cuí i FB2020 agus in 'Milestones for Success' de réir mar a mheastar agus mar a thuairiscítear don<br>• Choiste Ardleibhéil Feidhmiúcháin iad<br>• Cur i bhfeidhm gníomhaíochtaí mar a leagtar amach i ngnóphleananna bliantúla de chuid Teagaisc iad. |

### Tionscnaimh nua ar na bacáin:

- Anailís a dhéanamh ar athchóiriú CBT tar éis 2013
- Anailís gheilleagrach a dhéanamh ar Fhómhar Bia 2020
- Comhthaighde a dhéanamh le Bord Bia ar mhargú bia
- Chomh-thionscnaimh feirmeoireachta a chur chun cinn
- Tusicint níos fearr a chur le chéile ar na cúiseanna a nglacann feirmeoirí leis an teicneolaíocht.

## Sprioc 4. Ábaltacht ó thaobh eagair de a fheabhsú agus luach an airgid a bhaint amach

### Gníomhaíochtaí Straitéiseacha

- Le cultúr láidir feidhmíochta a chruthú a bhfuil sé de chumas aige feabhsuithe leanúnacha a chur i bhfeidhm trí pháirtíocht agus trí fhorbairt phroifisiúnta d fhoireann agus trí ghlacadh le dea-nósanna bainistíochta
- Le hathrúchultúr laistigh de Theagasc a chruthú
- Le córais chumarsáide agus TF a fhorbairt agus a chothabháil chun soláthar seirbhísí a thacú agus a fheabhsú
- Le cinntiú go mbíonn gach gníomhaíocht de chuid Teagaisc déanta sa dóigh go bhfaightear luach an airgid ar aon dul le treoirlínte an Rialtais
- Le cinntiú go gcoinníonn Teagasc na soacmhainní atá curtha uirthi agus go ndéanann forbairt ar a riachtanais bhonneagair de réir na bprionsabal is fearr maidir le bainistíocht tionscnamh agus treoirlínte an Rialtais
- Le cinntiú go n-oibríonn Teagasc laistigh de pholasaithe an Rialtais agus de chódanna agus de chaighdeáin chorparáideacha chuí rialachais.

### Táscairí Ardleibhéil Ratha

- Eiseamláirí nua agus feabhsuithe de sholáthar seirbhísí oibríochtúla curtha i bhfeidhm
- Eiseamláir nua do leithdháileadh acmhainní curtha i bhfeidhm
- Cuíchóiriú mar a mhínítear é i gClár
- Athruithe de chuid Teagaisc bainte amach
- Riachtanais chorparáideacha rialachais agus polasaithe an Rialtais comhlíonta.

## Tionscnaimh nua ar na bacáin:

- Clár Forbartha Bainistíochta le cur i ngíomh
- Clár Forbartha Ceannasaíochta le cur i ngíomh
- Córas Ama agus Tinrimh le cur i ngíomh
- Eiseamláir um Leithdháileadh Acmhainní (Buiséad) le measúnú
- Plean Straitéiseach Infheistíochta le cur i ngíomh.



# Cuid 5

# Cur i bhFeidhm na Straitéise

Tá tiomantas iomlán an Údaráis agus na foirne ag teastáil le an Straitéis seo a chur i bhfeidhm, mar aon lenár bpróiseas pleanála um ghnó inmheánach a neartú go leanúnach. Tá gá freisin le níos mó tiomantais ar son athruithe leanúnacha, cur i ngníomh de Phlean Nua Athchóiriúcháin na Seirbhísí Poiblí. Cinnteoidh an próiseas pleanála ina iomláine go ndíreofar gach gníomhaíocht dár gcuid ar ár sainordú agus ár mbunchuspóir. Cuirfear an Straitéis i bhfeidhm tríd an bpróiseas bliantúil gnóphleanála. Déanfaimid ár ndícheall chun comhaontú feidhmíochta nua a idirbheartú lenár Máthair- Roinn. Beidh ról níos lárnaí ag an Údarás maidir le cur i ngníomh leanúnach na straitéise a fhormheas agus a athbhreithniú.


**An Structúr Eagraíochta**

Léirítear an struchtúr eagraíochta i Léaráid 3. Tar éis dhá chéim de "Clár um Athrú" i 2009 agus i 2010, tá a struchtúr atheagraithe agus réasúnaithe go radacach ag Teagasc. Tá sé anois leagtha amach i dtrí stiúrthóireacht chomhtháite: Taighde, Aistriú Eolais agus Oibríochtaí.

Tá an Stiúrthóireacht um Thaighde leagtha amach de réir ceithre chlár oibríochtúla:

- Bia
- Táirgeadh Ainmhithe agus Féarach
- Bairr, Comhshaol agus Úsáid Talaimh
- Geilleagar Tuaithe agus Forbairt.

**Léaráid 3: Structúr Eagraíochta**




San áireamh le gach ceann de na cláir seo, tá ranna ar leith um thaighde agud um aistriú eolais. Oibríonn an Stiúrthóireacht um Aistriú Eolais dhá chlár mhóra:

- Clár Comhairleach Réigiúnach atá á sholáthar i 12 Ceantar Réigiúnach (Léaráid 6).
- Clár Oideachais atá á shóláthar i gceithre coláiste de chuid Teagaisc, i 12 Ionad Réigiúnach Oideachais agus i dtrí choláiste phríobháideacha. Tá baint láidir 'líne poncanna le sonrú idir na ranna um Aistriú Eolais laistigh den Stiúrthóireacht um Thaighde agus den Chlár Comhairleach.


Is éard atá sa Stiúrthóireacht um Oibriochtaí roinnt ranna Ceannoifige (Airgeadas, Acmhainnaí Daonna, TCF), ach freagraíonn sí go hiomlán ar an soláthar éifeachtach de chórais riaracháin ar fud na heagraíochta.

I rith thréimhse na Straitéise seo, tá rún ag an lucht bainistíochta athbhreithniú ar an struchtúr nua eagraíochta seo agus le hathruithe a dhéanamh air más cuí.

***Acmahinní Airgeadais***

Tuigeann Teagasc go mbeidh brú leanúnach ar airgeadais phoiblí i rith thréimhse na straitéise seo agus go léireofar seo sna hacmhainní buiséadacha atá ar fáil. Tá laghdú tagtha ar mhaoiniú deontais i gcabhair ó €139,964,000 i 2008 go €128,460,000 i 2012, le linn titim 10.3% i bhfoinsí ioncaim eile go €41,720,000 don tréimhse chéanna. I rith thréimhse na straitéise seo, beidh sé ar intinn ag Teagasc a hioncam tuillte féin a uasmhéadú ó gach foinse le linn croíDheontas Stáit a choinneáil atá ag teastáil lena feidhmeanna reachtúla a bhaint amach. Beidh sé ina cuspóir ag an eagraíocht freisin an tréith dhearfach maidir le cóimheas atá ann idir an caiteachas pá agus neamhphá a choinneáil.

**Léaráid 4: Párolla agus Neamhphá 2007-2011**





***Acmhainní Daonna***

Léiríonn Léaráid 5 an tréith maidir le líon na buanfhoirne le blianta beaga anuas. Thit an líon ar an iomlán ó 1,424 i mí Iúil 2007 go 1,189 ag diereadh 2011, laghdú 235 is ea sin, nó 16% laistigh de thréimhse cheithre bliana. Nuair a bheidh iomlán laghdú ECF curtha i bhfeidhm ag deireadh 2014, beidh 993 san fhoireann, a chiallaíonn laghdú 30% ar líon na buanfhoirne idir 2007 agus 2014.

Is acmhainn luachmhar daonna iad lucht foirne ar chonradh agus mic léinn, go háirithe sa Stiúrthóireacht um Thaighde. Tá laghdú níos mó tagtha, mar a bheifí ag súil leis, ar líon na foirne ar chonradh i gcomparáid le líon na buanfhoirne, a thit ó 227 i 2008 go 77 i 2011.

**Figure 5 Líon na Foirne de réir cineál foirne do thréimhse 2007**




Trí dhul i dtaithí ar an leagan amach nua de líon na foirne do théimhse na straitéise atá le teacht, cuirfidh Teagasc a gníomhaíochtaí in ord tosaíochta le cinntiú go gcloífear leis an seirbhísí criticiúla ar gá leo chun spriocanna i bhFómhar Bia 2020 a bhaint amach. Déanfaidh sí a seacht ndícheall táirgeacht foirne a fheabhsú agus éifeachtúlacht agus solúbthacht na foirne i ngeach gné dá hoibríochtaí a mhéadú. Ó thaobh na taighde de, giarálfaimid eolas breise trí chomhoibrithe, trí chomhchláir agus trí sholáthar. Beidh sé d'aidhm againn maoiniú seachtrach a uasmhéadú chun acmhainní criticiúla a chur le chéile trí thaigde ar chonradh. Ina leith seo, leanfaimid ar aghaidh le scéimeanna ánracht an Bhreatnaigh agus scéimeanna iardhochtúireachta. Leanfar ar aghaidh le fochonraitheoireacht ghnéithe scoite de chláir chomhairleacha agus oiliúna agus b'fhéidir go mbeadh síneadh ag teastáil. Cé go gcinnteoidh na bearta seo go mbeidh seirbhís níos mó á coinneáil againn ná mar a bheadh againn gan iad, ní bhaineann sé seo ón chonclúid láidir go mbeidh Teagasc ag streachailt go fadtéarmach lena croídhualgais reachtúla a bhaint amach mar gheall ar easpa earcaíochta thar na trí bliana atá romhainn.

***Acmhainní Fisiceacha***

Léiríonn Léaráid 6 na saoráidí ata ann cheana agus saoráidí de chuid Teagaisc a bheidh ann amach anseo. Ó bhí 2008 ann, tá líon na n-oifigí laghdaithe go mór ag an eagraíocht, ó 96 go 55 tuartha i lár 2013. Rinneadh cuíchóiriú freisin ar a saoráidí taighde, go háirithe trí dhúnadh ionaid i gCionn Sáile atá ar na bacáin agus trí ghníomhaíochtaí teaighde, comhairliúcháin agus oideachais a chomhdhlúthú i gceantar Bhaile Átha Cliath ag suíomhanna i mBaile an Ásaigh agus i nGarraithe na Lus.


Ta rún ag Teagasc a bonneagar taighde agus comhairleach a mhéadú trí roinnt bhuntionscnamh straitéiseach a fhorbairt. Bhí punann  40 milliún san iomlán de riachtanais infheistíochta ainmnithe ag an eagraíocht roimhe seo. Tá trí thionscadal ardtosaíochta caipitil roghnaithe anois aici atá riachtanach chun a bunchuspóir a bhaint amach agus chun tacú lena cuspóirí i rith thréimhse na straitéise seo:

A. Aonad um Thaighe ar Mhuca/Saoráid Bhiotástála Ainmhithe €2,500,000

Le cur in ionad na saoráidí um thaighde ar mhuca atá as dáta ag Moorepark, san áireamh beidh saoráid Bhiotástála ann le tacaíocht a thabhairt do Chlár Bianna do Shláinte.

| | | |
|---|---|---|
| B. | Ionad Nuálaíochta agus Oideachais um Thaighde Déiríochta | €3,700,000 |
| | Le ról méadaithe Moorepark a éascú ag tacú le cláir oideachais 3ú agus an 4ú leibhéal. | |
| C. | Bogadh ó Champas Chionn Sáile go Campas Bhaile an Ásaigh | €4,750,000 |
| | Le freastal d'athlonnú foirne agus clár ó Chionn Sáile go Baile an Ásaigh. | |

**Léaráid 6: Saoráidí de chuid Teagaisc**





## Pleanáil Ghnó agus Clármheastóireacht

Soláthraíonn an Straitéis seo, a dtugann athbhreithnithe mionsonraithe ar na trí stiúrthóireacht tacaíocht di, comhthéacs ilbhliantúil do phróiseas bliantúil pleanála gnó na heagraíochta. Láimhseálann an eagraíocht a pleanáil ghnó ar thí leibhéal: oibríonn Leibhéal 3 ag leibhéal roinne nó aonaid; baineann Leibhéal 2 leis an gclár nó le plean leibhéal na stiúrthóireachta; agus oibríonn Leibhéal 1 ar bhonn leibhél eagraíochta ar an iomlán. Déanann an tÚdarás formheasú agus athbhreithniú ar an leibhéal deireanach ar bhonn rialta, agus déanann an lucht aonaid, an lucht stiúrthóireachta agus an lucht ardbhainistíochta athbheithniú ar leibhéil 2 agus 3.

### *Measúnú Feidhmíochta*

Is príomhfheidhm í measúnú feidhmíochta sa phróiseas pleanála gnó. Baineann Teagasc úsáid as timthriall trí céime de Tháirgeachtaí, de Ghlacadh Cleachtais Teicneolaíochta agus de Thionchar ar Pháirtithe Leasmhara agus í i mbun measúnú feidhmíochta. Bíonn gach aonad eagraíochta gníomhach i ngníomhaíochtaí a mbíonn táirgeachtaí ar leith ag baint leo (Céim 1); ba cheart go mbainfí úsáid as cleachtais nua teicneolaíochta sa tionscal mar gheall ar na táirgeachtaí seo (Céim 2); agus beidh tionchar ag na cleachtais se oar an tionscal ar dhóigheanna éagsúla. Léiríonn Léaráid 7 an próiseas seo.

**Léaráid 7: Teagasc Evaluation Framework**




***Méadracht Mheasúnaithe Feidhmíochta***

Le heagraíocht ar nós Teagaisc a bhíonn éagsúil ó thaobh gníomhaíochtaí de, ní bhíonn sé indéanta (nó táirgiúil fiú) gach gníomhaíocht nó gach táirgeacht a mheas. Cuireann an mhéadracht in úsáid eolas in iúl maidir le príomhtháscairí feidhmíochta. Cé nach dtugann siad cur síos iomlán ar ghníomhaíochtaí, tugann siad léargas luachmhar ar chúrsaí feidhmíochta. Tá an mhéadracht in úsáid ar aon dul le táscairí feidhmíochta a nglactar leo go hidirnáisiúnta. Sa chuid seo, tá rogha bheag de roinnt mhéadarachta do gach céim den mheasúnú feidhmíochta.

Céim 1 Táirgeachtaí san áireamh:
- foilsiúcháin a bhfuil piarmheasúnú déanta orthu de réir taighdeora bhuain
- PhD-eanna atá curtha chun críche
- maoiniú náisiúnta agus maoiniú an AE aimsithe
- ríchíosanna, paitinní, comharthaighde agus taighde ar chonradh
- líon na gcliant, comhairliúcháin do chliaint, pléghrúpaí, cuairteanna ó chliaint, seirbhísí ar nós mhonatóirí ríomhbhrabacha, iarratas le haghaidh Íocaíochta Feirme Aonair agus comhlíonadh rialacháin chomhshaoil.
- líon agus éagsúlacht na gcúrsaí, rátaí rannpháirtíochta ar chúrsaí, cóimheasa foirne – mac léinn, agus costas gach mac léinn

Céim 2 Díríonn méadracht ghlactha cleachtais aird ar ghnéithe mar:
- feabhsú féirúsáide agus méadracht phórúcháin
- straitéisí frithsheasmhachta agus laghdaithe luibhicíde
- glacadh le straitéisí um srianadh comhtháite lotnaidí
- glacadh le hanailís ithreach agus le pleananna leasacháin
- próisis agus cleachtais le caighdeán, feidhmiúlacht, sábháilteacht, agus éifeachtúlacht phróisis i bpróiseáil bia a fheabhsú.

Céim 3 Éifeachtaí san áireamh:
- méadracht "brabús ó tháirgiúlacht" déiríochta, mhairteola agus chaorach
- solaid déiríochta bainne de réir heicteáir
- beomheáchain kg de mhairteoil agus de chaoirigh de réir heicteáir
- céatadán de chliaint churaíochta le torthaí níos airde agus costais níos isle ná an meán náisiúnta
- lorg carbóin de tháirgí bainne agus feola.

**An Próiseas Comhairliúcháin**

Tugann comhairliúchán éifeachtach dearcadh níos leithne dúinn, a chabhraíonn le cuspóirí agus torthaí a chomhthuiscint agus a chiallaíonn go bhfuil ráiteas straitéise níos dírithe ann a bhaineann níos mó le páirtithe leasmhara. Léirigh Lucht na hardbhainistíochta ceannasaíocht ón tús maidir leis na spriocanna agus cuspóirí straitéiseacha a leagan amach a bheidh le baint amach sna trí bliana amach anseo. Ghlac siad páirt chomh maith i bpróiseas cuimsitheach comhairliúcháin in éineacht le réimse páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha. Chuir an próiseas inmheánach comhairliúcháin ionchur criticiúil ar fáil sa doiciméad deireanach, lena n-áirítear anailís ardchaighdeánach chomhshaoil ar an iomlán ar tugadh fúithi i gceardlann straitéise, an t-ábhar a chuir an Coiste Náisiúnta Comhpháirtíochta ar fáil agus na molta éagsúla a fuarthas ón bhfoireann. Glacann an eagraíocht páirt leanúnach i gcomhairliúchán leis an tionscal maidir lena straitéisí agus lena cláir trí líonra grúpaí comhairliúcháin de pháirtithe leasmhara agus tríd an t-ionchur ó ionadaithe tionscail an Údaráis. Cuireann an doiciméad deireanach na tuairimí seo in iúl, a oiread agus is féidir, i ndoiciméad straitéiseach ardleibhéil.

**Príomhnaisc**

Tá Teagasc tiománta do chomhoibriú le gach earnáil sa tionscal talmhaíochta agus bia abhus ansoe agus thar lear maidir lena cláir thaighde, chomhairliúcháin agus oideachas a sholáthar. Cinntíonn an cur chuige comhpáirtíoch seo go mbaintear an tairbhe is fearr ó acmhainní na heagraíochta. Tá comhpáirtíochtaí á gcothú agus á bhfeabhsú go fóill leis na heagraíochta agus na gníomhaireachtaí a leanas:

***Ranna Rialtais***

Déanann Teagasc dlúthobair lena Máthair-Roinn (DAFM) le cinntiú go mbaineann an clár gníomhaíochtaí le riachtanais na hearnála agus go bhfuil sé i gcomhréir le beartas rialtais. Oibríonn se go dlúth freisin le roinnt ranna eile, mar shampla:

An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
An Roinn Cohmshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil
An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha
An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta
An Roinn Oideachais agus Scileanna.

***Gníomhaireachtaí Rialtais***

Bíonn dlúthbhaint ag Teagasc leis na gníomhaireachtaí a leanas:

Fondúireacht Eolaíochta Éireann
Fiontraíocht Éireann
Forfás
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
Foras na Mara
BIM
An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia
Bord Bia
FÁS
FETAC agus HETAC
Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann
Údarás Sábháilteachta bia na hÉireann
An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta.

***Naisc an AE agus Naisc Idirnáisiúnta EU***

Is coinníoll riachtanach é páirt ghníomhach a ghlacadh i bpobail eolaíochta idirnáisiúnta chun fios gnó a fhorbairt. Agus í ina eagraíocht bheag, is feasach do Theagasc gur rud luachmhar é punann a chur le chéile agus a choinneáil de theagmhálacha agus de líonraí láidre idirnáisiúnta. Chomhshínigh an eagraíocht líon comhaontuithe déthaobhacha ar fud an domhain agus bíonn sé i gcónaí de rún aici páirt ghníomhach a ghlacadh i mórshaol dianiarrachtaí eolaíochta agus forbraíochta. Bhí tábhacht ag baint leis na teagmhálacha seo agus Éire ar lorg bealach isteach chuig na forbraíochtaí cuí i gcúrsaí eolaíochta agus teicneolaíochta thar lear. Déanfaidh an eagraíocht a cuid comhaontuithe déthaobhacha taighde a neartú agus a dícheall a dhéanamh naisc nua a chruthú chun sochair árnoibre féin agus an tionscail a bhfreastalaíonn sí air.

**Comhaontuithe Idirnáisiúnta**

| | |
|---|---|
| AgResearch, Nua-Shéalainn | Seirbhís Taighde Talmhaíochta, na Stáit Aontaithe |
| Dairy NZ, an Nua-Shéalainn | MTT, an Fhionlainn |
| INRA, an Fhrainc | Coláiste Talmhaíochta Alban, an Ríocht Aontaithe. |

***Institiúidí Ardoideachais in Éirinn***

Tá líonra cuimsitheach curtha le chéile ag Teagasc de chomhoibriú foirmeálta agus neamhfhoirmeálta lena macasamhalacha ó ollscoileanna agus ó Institiúidí Teicneolaíochta, go háirithe trí Scéim ánracht an Bhreatnaigh agus cúrsaí oiliúna talmhaíochta formheasta ag HETAC. D aontaigh sí Comhaontas foirmeálta Straitéise i dTaighde Bia agus Nuálaíocht le Coláiste Ollscoile Chorcaí i 2010 agus Comhpáirtiocht i dTaighde Talmhaíochta, in Oideachas agus i Nualaíocht le Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath i 2011. Cabhróidh na comhaontais seo le gníomhaíochtaí comhoibríocha a neartú, le clú idirnáisiúnta taighde na hÉireann a fheabhsú agus le feabhas a chur ar éifeachtach agus éifeachtúlacht chun clár náisiúnta aistrithe ó thaobh taighde agus teicneolaíochta de a sholáthar don earnáil.

***Comhchláir le Tionscal***

Oibríonn Teagasc le gach agraighnó mór ar chomhchláir a dhíríonn aird ar an dóigh le héifeachtúlacht táirgeachta ague le caighdeán táirgí a fheabhsú i gcomhréir le riachtanais an mhargaidh.

**Comhchláir le Tionscal**

| | |
|---|---|
| Kerry | Glanbia |
| Dairygold | Teagasc/Clár Feirme na Mairteola is Fearr IFJ |
| Carbery | Clár Tarbhfheola Dawn. |

***Naisc Thuaidh/Theas***

Cuiridh Teagasc a comhoibriú le gníomhaireachtaí forbartha agraibhia i dTuaisceart na hÉireann chun tosaigh go leanúnach ar ábhair a bhfuil suim choitean againn iontu. Coinneofar teagmhail leanúnach le comhlachtaí agraibhia, taighde, forbraíochta agus oideachais/oiliúna agus déanfar iniúchadh ar aon deiseanna a mbeadh tairbhe coiteann le baint astu.





# Ráiteas Straitéise de chuid Teagaisc
## 2012 – 2015






Ag Tacú le Nuálaíocht Eolaíochtbhunaithe i dTalmhaíocht agus i mBia

National Development Plan 2007 - 2013

teagasc
AN tÚDARÁS FORBARTHA TALMHAÍOCHTA AGUS BIA

Teagasc, Páirc Dharach, Ceatharlach
info@teagasc.ie
www.teagasc.ie

Meán Fómhair 2011